Fianaise ar Fhoghlaim– Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Oide



- ✓ Fianaise ar Fhoghlaim - chun go bhfios dúinn gur tharla an fhoghlaim.
- ✓ Is féidir teacht ar an gcuid “Measúnú” ar lgh 26 – 28 sa tsonraíocht Cheoil.
- ✓ Tar éis duit dul in aithne ar ár sonraíocht inniu, cuimhnigh ar an bhfoghlaim sna codanna atá faoi aibhsiú buí agus gorm agus déan cur síos ar an tslí a mbeidh scoláirí páirteach sa phróiseas sin.

Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú do na scoláirí trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim na scoláirí agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt phríomhinniúlachtaí na scoláirí agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe mar chuid de Cheol na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin sa bhreis (CMB), an Taibhiú Ceoil.

Beidh an scrúdú scríofa ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh CMB an Taibhithe Ceoil bunaithe ar threoir choitianta ach déanfar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Déanfar Ceol na hArdteistiméireachta a mheasúnú ag dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, sa scrúdú scríofa. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe ar scoláirí go léireoidh siad foghlaim atá cuí don leibhéal atá roghnaithe acu. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthaigh a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do na scoláirí atá i mbun an scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
CMB an Taibhithe Ceoil	50%	Treoir choitianta. Arna measúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Taibhiú Ceoil

Tugann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCeol na hArdteistiméireachta freagra díreach ar an réasúnaíocht agus ar aidhmeanna an ábhair, is iad sin inniúlachtaí a fhorbairt i scoláirí ionas gur féidir leo cumarsáid éifeachtach a dhéanamh mar cheoltóirí. Spreagann an CMB seo scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar an méid atá I gceist le bheith i do cheoltóir a fhorbairt.

Éilíonn CMB an Taibhithe Ceoil ar gach scoláire clár a thaibhiú ar uirlis cheoil/lena nguth mar a leanas:

- píosaí ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian agus
- píosa ceoil/amhrán úrnua agus
- tástáil cheoil neamhullmhaithe.

Éascaíonn dearadh an CMB scoláirí chun réimse leathan foghlama a thaispeáint de réir mar a leagtar amach sna torthaí foghlama ó Snáithe 1, Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl agus Snáithe 2, Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair. Éilíonn sé ar scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gCeol na hArdteistiméireachta ar bhealaí nach féidir a mheasúnú go héasca le scrúdú scríofa.

Cuirfear treoir mhionsonraithe ar an bpróiseas measúnaithe ar fáil i gcáipéis ar leith, *Treoirlínte chun Tacú le Comhlánú CMB an Taibhithe Ceoil i gCeol na hArdteistiméireachta*.

Gnáthleibhéal

Éileofar ar scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa Gnáthleibhéil **trí** phíosa ceoil/amhrán a thaibhiú san iomlán ar uirlis(í)/lena nguth(anna).

- **Dhá** phíosa ceoil a roghnaíodh gan srian/agus
- Píosa ceoil/amhrán úrnua **amháin** agus
- tástáil neamhullmhaithe.

Ardleibhéal

Éileofar ar scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa Ardleibhéil **cúig** phíosa ceoil/amhrán a thaibhiú san iomlán ar uirlis(í)/lena nguth(anna).

- **Ceithre** phíosa ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian/agus
- Píosa ceoil/amhrán úrnua **amháin** agus
- tástáil neamhullmhaithe.

Mar chuid den CMB, glacfaidh na **scoláirí uile** páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir, ag léiriú léargas ar a bpróiseas cruthaitheach agus na cinntí ceoil a chuir cruth ar a bpíosa/n-amhrán úrnua.

Tá sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta deartha chun neart deiseanna déanta ceoil agus taibhithe comhoibríocha éagsúla a thabhairt do scoláirí. Tugann an CMB seo rogha do scoláirí cé acu a bpíosaí/n-amhráin féin a thaibhiú (iad siúd a roghnaíodh gan srian agus cinn a chum siad féin) ina n-aonar nó mar bhall de ghrúpa. Nuair a chuireann scoláire a bpíosaí/n-amhráin i láthair mar bhall de ghrúpa, déanfar iad a scrúdú agus a mheasúnú de réir an mhéid a chuireann siad le taibhiú an ghrúpa.

Is féidir taibhiú aonréadach agus grúpa a mheascadh gan srian. Is féidir píosaí ceoil/amhráin a thaibhiú beo ar uirlisí éagsúla ceoil nó trí mheascán den ghuth agus uirlisí, nó le tacaíocht chuí ó theicneolaíocht dhigiteach.

Don tástáil neamhullmhaithe, déanfaidh scoláirí rogha idir cuimhne chluaise (rithimeach nó séiseach), amharcléamh (uirlise/gutha/rithimeach) nó tobchumadh. Beidh na tástálacha cluaschuimhne agus amharcléimh ocht mbarra ar fad. I gcás an tobchumtha, beidh ar na scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad d’ocht mbarra ar a laghad, agus beidh ar scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad de 16 bharra ar a laghad.

Cuireann an CMB deiseanna praiticiúla déanta ceoil ar fáil do na scoláirí chun beocht a chur leis an bpríomhfhoghlaim ábhair tríd an taibhiú acu. Tá CMB an Taibhithe Ceoil beartaithe le bheith comhtháite I dteagasc agus foghlaim rialta an tseomra ranga.[6] Tá sé deartha le bheith spreagthach agus taitneamhach do scoláirí agus deiseanna a thabhairt dóibh chun réimsí agus stíleanna ceoil a bhfuil spéis acu iontu a fhiosrú.

Tugann an chomhpháirt mheasúnaithe deis do scoláirí na príomhinniúlachtaí atá forbartha acu a chur i bhfeidhm trí aghaidh a thabhairt ar Cheol na hArdteistiméireachta, amhail a bheith cruthaitheach, cumarsáid a dhéanamh, foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú, smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna agus oibriú le daoine eile go háirithe. Spreagtar na scoláirí chun domhan dinimiciúil agus cruthaitheach an cheoil a fhiosrú. Tacaíonn an CMB le scoláirí chun ábharthacht an cheoil dá saol agus dá scoil, dá bpobal agus dá sochaí a shainaithint. Is féidir leis aird a tharraingt ar chonairí gairme sa cheol agus sna healaíona níos ginearálta amach anseo.

6 Tá sé beartaithe go dtógfaidh sé suas le 40 uair an chloig an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chur i gcrích. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil sna *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích CMB an Taibhithe Ceoil*

CC BY NC